**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016**

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceisteanna | | Marc | Scrúdaitheoir | Scrúdaitheoir Comhairleach |
| | @ | 3 | | |
| | @ | 2 | | |
| | @ | 1 | | |
| | @ | 0 | | |
| Marc Iomlán | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfear marcanna.

## 1. CARRAIGEACHA




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) An cineál carraige a thaispeántar thuas ná ***marmar / gaineamhchloch***.

(ii) Is ***carraig dhríodair / carraig mheiteamorfach*** an cineál carraige a thaispeántar thuas.

(iii) Faightear í ***ag Clochán an Aifir / i gContae Chorcaí***.

## 2. AIBHNEACHA

Críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas.

(i) Is é a thugtar ar lúba feiceálacha i gcúrsa meánach abhann ná


___________________.

(ii) Is é a thugtar ar bhunábhar méith a shil-leagann aibhneacha ar a dtuilemhánna ná

___________________.

(iii) Cruthaítear Cumhacht Leictreach _______________________ trí leas a bhaint as fuinneamh aibhneacha.

## 3. TIMTHRIALL AN UISCE




Scrúdaigh an léaráid thuas de thimthriall an uisce.

Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** leis an gcéim i dtimthriall an uisce is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Céim i dTimthriall an Uisce | Litir |
|---|---|
| Frasaíocht | |
| Galú | |
| Comhdhlúthú | |

## 4. OLLGHLUAISEACHT

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Sampla de chineál ***mear / mall*** ollghluaiseachta é ithirthéaltú.

(ii) Gluaiseann ábhar síonchaite le fána mar thoradh ar ***airde / dhomhantarraingt***.

(iii) Is é a thugtar ar an ábhar síonchaite scaoilte a ghluaiseann le fána mar thoradh ar ollghluaiseacht ná ***moiréan / forscreamh***.

**5. CREATHANNA TALÚN**

Na Creathanna Talún is Marfaí de Réir Bliana, 2009-2012

| Bliain | Méid | Básanna | Réigiún |
|---|---|---|---|
| 2012 | 6.7 | 113 | Na hOileáin Fhilipíneacha |
| 2011 | 9.0 | 20,896 | An tSeapáin |
| 2010 | 7.0 | 316,000 | Háítí |
| 2009 | 7.5 | 1,117 | Sumatra Theas |

Curtha in oiriúint ó www.usgs.gov

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.


(i) Cá raibh an crith talún leis an líon is mó básanna? ____________________

(ii) Cén bhliain ar tharla an crith talún is treise? ____________________

(iii) Ainmnigh an scála a úsáidtear chun fórsa/méid crith talún a thomhas.

____________________________

**6. STRUCHTÚR AN DOMHAIN**




Curtha in oiriúint ó www.bbc.co.uk

Taispeánann an léaráid thuas sraitheanna an domhain.

Ainmnigh sraitheanna an domhain lipéadaithe **A**, **B** agus **C**.


**A.** ______________________________________________

**B.** ______________________________________________

**C.** ______________________________________________

## 7. ITHREACHA

**Próifíl Ithreach**




Curtha in oiriúint ó www.pinimg.com

Scrúdaigh an phróifíl ithreach thuas.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu de na **trí** ráitis thíos atá ceart.

1. Próifíl ithreach d'ithir dhonn atá anseo.
2. Tá saibhreas cothaitheach i gciseal C.
3. Tá ciseal A thar a bheith méith.
4. Faightear easair phlandaí go coitianta os cionn chiseal A.
5. Tá an ithir sa phróifíl ithreach seo láiste go mór.

| | |
|---|---|
| 1, 2, 5 | ☐ |
| 1, 3, 4 | ☐ |
| 1, 3, 5 | ☐ |
| 1, 4, 5 | ☐ |

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

## 8A. OIGHRIÚ

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Gleann Crochta |
| B | Soirc / Coire |
| C | Fiord |
| D | Carraig Chorr |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Gleann oighrithe báite. |
| 2 | Fo-ghleann os cionn an phríomh-ghleanna oighrithe. |
| 3 | Bollán sil-leagtha ag oighearshruth. |
| 4 | Áit a bhfoirmíonn oighearshruthanna. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 2 |
| B | |
| C | |
| D | |

**NÓ**

## 8B. CÓSTAÍ

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Muiríneach |
| B | Duirling stoirme |
| C | Gníomhú hiodrálach |
| D | Síobadh feadh cladaigh |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Fórsa na dtonnta ag bualadh i gcoinne an chósta. |
| 2 | An próiseas trína n-iompraítear ábhar feadh an chladaigh. |
| 3 | Nuair a fhaightear carraigeacha móra lastuas den uachtar cladaigh. |
| 4 | Greamaíonn gaineamh ar dhumhcha. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 4 |
| B | |
| C | |
| D | |

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

**9A. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA TÁNAISTEACHA**

Cuir ciorcal thart ar na **trí** fhreagra chearta chun a chur in iúl cé acu de na hoibrithe liostaithe sa tábla thíos atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha tánaisteacha.

| | | |
|---|---|---|
| Múinteoir | Feirmeoir | Oibrí monarchan |
| Grúdaire | Oibrí foraoise | Gruagaire |
| Mianadóir | Báicéir | Fiaclóir |

**NÓ**

**9B. LONNAÍOCHT**










Ainmnigh gach cineál tithíochta **A**, **B** agus **C** a thaispeántar thuas sna spásanna a thugtar.


**A.** ____________________________________

**B.** ____________________________________

**C.** ____________________________________

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

**10A. GLÉAS AIMSIRE**




Is é atá sa ghléas aimsire a thaispeántar thall ná:

Taismhéadar ☐

Ainéimiméadar ☐


Taifeadán Campbell-Stokes ☐

Baraiméadar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**10B. AERÁID**



Curtha in oiriúint ó www.commonswikipedia.org

Scrúdaigh an léarscáil thuas.

An aeráid sa limistéar le dath glas air sa léarscáil thuas ná:

Aeráid Mheánmhuirí ☐


Sabhána ☐

Bóireach ☐

Aeráid theomheasartha aigéanach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 11. STAITISTICÍ AIMSIRE




Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann an bháisteach mhíosúil don Costa del Sol agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén mhí ina raibh an leibhéal báistí ab ísle?

________________________

(ii) Cad í an bháisteach mhíosúil (mm) do mhí Bealtaine?

________________________

(iii) Ríomh an mheánbháisteach (mm) do na trí mhí Deireadh Fómhair, Samhain agus Nollaig.

________________________

**12. DLÚS DAONRA**



Curtha in oiriúint ó www.luventicus.org

Scrúdaigh an léarscáil thuas.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) An tír lipéadaithe **X** ar an léarscáil ná ***An Aetóip / Mailí***.

(ii) Tá dlús daonra ***íseal / ard*** ag tír **X**.

(iii) Ta tionchar ag ***Gaineamhlach an Kalahari / Gaineamhlach an tSahára*** ar an dlús daonra i dtír **X**.

**13. COILLEARNACH DHUILLSILTEACH**


Curtha in oiriúint ó www.glogster.com

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá crainn dhuillsilteacha tar éis iad féin a chur in oiriúint dá dtimpeallacht trí dhuilleoga a ***chailliúint / choimeád*** sa gheimhreadh.

(ii) De ghnáth, faightear crainn dhuillsilteacha i réigiúin ***ardtalaimh / ísealchríche*** in Éirinn.

(iii) Sampla de chrann duillsilteach in Éirinn í ***dair / sprús***.

**14. TIONSCAL**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu de na **trí** ráitis thíos atá ceart.

1. Bíonn tionchar ag tosca mar mhargaí, lucht oibre agus áiseanna iompair ar shuíomh tionscail.
2. Bíonn tionscal gan chuing ceangailte i suíomh ar leith.
3. Sampla de thionscal éadrom é tionscal na ríomhaireachta.
4. Tagraíonn táimhe gheografach do chaipiteal a infheistítear i dtionscal.
5. D'athraigh suíomh thionscal an iarainn agus cruach sa Bhreatain ós na gualcheantair go dtí an cósta le himeacht aimsire.

1, 2, 3 ☐

1, 3, 4 ☐

1, 3, 5 ☐

1, 4, 5 ☐

**15. UIRBIÚ**


Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | Cathair Phríomha |
| B | Baile dórtúir |
| C | Baile seantán |
| D | Athnuachan uirbeach |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Baile comaitéireachta óna dtéann daoine ag taisteal chun oibre. |
| 2 | Lonnaíocht suiteoirí i gcathracha sa domhan i mbéal forbartha. |
| 3 | Seanfhoirgnimh a gcuirtear foirgnimh nua ina n-áit. |
| 4 | Cathair a bhfuil dhá oiread daonra inti is atá sa chéad chathair eile is mó daonra. |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | 3 |

## 16. BÁISTEACH




An cineál báistí is mó a luaitear leis an léaráid thuas ná:

Báisteach rilífe ☐

Báisteach chomhiompair ☐

Báisteach chioclónach nó fhronta ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 17. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Is é an fad líne dhíreach ón spotairde 500 méadar ag L 929 805 go dtí an láthair carbhán ag L 986 852 ná:

10.0 km ☐

6.5 km ☐

7.4 km ☐

8.5 km ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**18. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo. Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | M 030 869 |
| B | M 033 804 |
| C | L 982 812 |
| D | L 971 856 |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Fáschoill Bhuaircíneach |
| 2 | Galfchúrsa |
| 3 | Dúloch (*Doo Lough*) |
| 4 | Oifig an Phoist |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | 4 |
| C | |
| D | |

**19. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An airde ag L 950 788 ná:

110 m ☐

120 m ☐

130 m ☐

140 m ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**20. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chathair na Mart a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá séipéal le spuaic sa ***chúlra ar clé / tulra láir***.

(ii) Tá carrchlós mór sa ***chúlra láir / chúlra ar clé***.

(iii) Aerfótagraf ***fiar / ceartingearach*** atá san aerfótagraf seo.

# LEATHANACH BÁN

# LEATHANACH BÁN

# LEATHANACH BÁN

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016

---

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 - 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN AGUS GNÍOMHAÍOCHT GHEILLEAGRACH

### A. Aolchloch

(i) Mínigh conas a fhoirmítear carraig aolchloiche.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar féidir le daoine úsáid **gheilleagrach** a bhaint as carraigeacha.

(10)

### B. Tírdhreach Carstach

Mínigh, agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, conas a foirmíodh gné faoi thalamh **amháin** ar bith i dtírdhreach carstach.

(8)

### C. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Saothrú Móna


Curtha in oiriúint ó www.tnzgrow.co.nz


(i) Déan cur síos ar **dhá** shlí dhifriúla ar chabhraigh an teicneolaíocht le saothrú móna.

(ii) Mínigh **dhá** chúis go bhfuil an táirgeadh móna ar bhonn tráchtála teoranta i mbratphortaigh.

(12)

## Ceist 2. FEACHTAÍ AIGÉIN, UISCIÚ AGUS FAIRSINGIÚ FÁSAIGH

### A. Feachtaí Aigéin




(i) Ainmnigh na feachtaí aigéin lipéadaithe **X** agus lipéadaithe **Y**.

(ii) Mínigh **dhá** iarmhairt atá ag an bhfeacht aigéin **Y** ar aeráid na hÉireann.

(10)

### B. Uisciú

(i) Luaigh cad is brí leis an téarma *uisciú*.

(ii) Ainmnigh scéim uiscithe **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(iii) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an scéim uiscithe seo.

(10)

### C. Fairsingiú Fásaigh

(i) Mínigh cúis nádúrtha **amháin** agus mínigh cúis dhaonna **amháin** atá le fairsingiú fásaigh.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** iarmhairt a bhíonn ar fhairsingiú fásaigh.

(10)

**Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

**3A. Gréasáin Lonnaíochta Nua**




(i) Ainmnigh tír **amháin** ina bhfaightear poldair.

(ii) Mínigh cúis **amháin** gur bunaíodh lonnaíochtaí nua ar pholdair.

(iii) Déan cur síos ar **dhá** shaintréith a bhaineann le lonnaíochtaí ar pholdair.

(10)

**3B. Athrú Daonra**


Mínigh an tionchar a bhí ag **dhá** cheann de na tosca a leanas ar ráta athraithe an daonra i dtír ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Soláthar bia
- Sláinte
- Cogadh
- Oideachas
- Forbairtí teicneolaíochta
- Ionad na mban sa tsochaí.

(10)

## 3C. Neamhionannas Geilleagrach – Trádáil

**Caife – Cá dtéann an brabús?**




Curtha in oiriúint ó www.newint.org

Scrúdaigh an phíchairt thuas a thaispeánann dáileadh an bhrabúis a dhéantar ar tháirgeadh caife agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán den bhrabús ar tháirgeadh caife a théann go dtí lastóirí agus lucht rósta caife?

(ii) Ríomh **X**, an céatadán den bhrabús ar tháirgeadh caife a théann go dtí na miondíoltóirí.

(iii) Mínigh **dhá** iarmhairt dhiúltacha atá ag trádáil éagórach ar gheilleagair thíortha sa domhan i mbéal forbartha.

(iv) Ainmnigh sampla de thír sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil iarmhairt ag trádáil éagórach uirthi.

(10)

## 3D. Imirce

(i) Ainmnigh sampla **amháin** d'imirce aonair a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Mínigh **dhá** thoisc bhrú a bhaineann leis an sampla seo d'imirce aonair.

(iii) Déan cur síos ar shlí **amháin** a ndeachaigh an imirce aonair seo i bhfeidhm ar an gceantar a ndeachaigh daoine ar imirce as.

(10)

**Ceist 4. UIRBIÚ**

**A. Talamhúsáid Uirbeach**

Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** thalamhúsáid uirbeach éagsúla atá le feiceáil ar an aerfótagraf.
Bain usáid as fianaise ón aerfótagraf chun tacú le do fhreagra.

(10)

**B. Fadhbanna Uirbeacha**



Curtha in oiriúint ó www.archiseek.com


Curtha in oiriúint ó www.thejournal.ie

(i) Luaigh an bhrí atá le gach ceann de na téarmaí a leanas:

- *Meathlú uirbeach*
- *Sraoilleáil uirbeach*.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** fhadhb a bhaineann le sraoilleáil uirbeach.

(10)

**C. Uirbiú sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil dlús ard daonra inti agus a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Mínigh **dhá** fhadhb a thagann chun cinn mar thoradh ar dhlús ard daonra sa chathair sa domhan i mbéal forbartha a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(10)

**Ceist 5. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AN tAERFÓTAGRAF**

**A.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an léarscáil.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Cuan Chathair na Mart
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i gCathair na Mart
- An bóthar N59
- An Abhainn Bhuí.

(10)

**B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis a mb'fhéidir go meallfaí turasóirí go dtí an limistéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, agus fianaise ón léarscáil agat mar thaca le gach cúis.

(12)

**C.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Déan cur síos ar **dhá** shlí a ndéanann an t-údarás áitiúil bainistiú ar thrácht sa bhaile, agus fianaise ón aerfótagraf agat mar thaca le do fhreagra.

(8)

# LEATHANACH BÁN